Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

FCÁT

# Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (FCÁT)

## *Leathbealaigh ar ár dTuras FCÁT*

Cruinniú tacaíochta a 4 ar líne

CC BY NC

Oide

# Nósanna do na Cruinnithe ar líne



Cuir do cheamara ar siúl.



Múch an micreafón nuair nach bhfuil tú ag caint.



Rannpháirtíocht.

Oide

# EFG Aghaidh ar Aghaidh - Clárú

**Dáta:** 23 Feabhra 2026
**Ionad**: I.O Chill Dara
**Am:** 11:00 – 4:00
(Tae/Caife óna 10:30)

**Ar fáil:**
- Lón
- **Ionadaíocht** don lá
- Costais taistil
- Teastas Tinrimh

**Aoichainteoir:**
Saineolaí ar FCÁT ag an Iar-bhunscoil

**Dr Sarah Ní Dhuinnín**
Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach

https://tinyurl.com/OideFCAT2026
https://forms.office.com/e/Ljmg4kydsL?origin=lprLink

**Clárú roimh 12ú Feabhra**

# Intinní Foghlama

- Machnamh a dhéanamh ar eispéiris an fhoghlaimeoira agus an mhúinteora le FCÁT
- Eolas ar mhúnlaí FCÁT agus ár gcleachtas
- Foghlaim faoin teoiric BICS agus CALP agus machnamh a dhéanamh ar a n-úsáid sa seomra ranga
- Machnamh a dhéanamh ar thábhacht na timpeallachta i gcur i bhfeidhm FCÁT

## Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna - Forbhreathnú

| | Réimsí | Caighdeáin |
|---|---|---|
| Foghlaim agus Teagasc | Torthaí na bhfoghlaimeoirí | Maidir leis na scoláirí: |
| | | baineann siad taitneamh as a gcuid foghlama, tá siad spreagtha chun foghlama, agus tá siad ag súil le gnóthachtáil mar fhoghlaimeoirí |
| | | tá an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí riachtanacha acu chun iad féin agus a gcaidrimh a thuiscint |
| | | léiríonn siad an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint a theastaíonn ó churaclam na iar-bhunscoile |
| | | baineann siad amach na torthaí foghlama atá luaite do gach ábhar, cúrsa agus clár |
| | Eispéiris na bhfoghlaimeoirí | Maidir leis na scoláirí: |
| | | glacann siad páirt i ngníomhaíochtaí foghlama bríocha ar bhealach a bhfuil cuspóir leis |
| | | fásann siad mar fhoghlaimeoirí trí idirghníomhaíochtaí ómósacha agus eispéiris atá dúshlánach agus tacúil |
| | | déanann siad athmhachnamh ar a ndul chun cinn mar fhoghlaimeoirí agus forbraíonn siad mothú úinéireachta agus freagrachta as a bhfoghlaim |
| | | faigheann siad deiseanna chun na scileanna agus na dearcthaí a fhorbairt atá riachtanach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil |
| | Cleachtas aonair na múinteoirí | Maidir leis an múinteoir: |
| | | tá an t-eolas ábhair, an t-eolas oideolaíoch agus na scileanna bainistíochta ranga riachtanacha acu |
| | | roghnaíonn agus úsáideann siad cleachtais ullmhúcháin agus mheasúnaithe a chuireann foghlaim na scoláirí chun cinn |
| | | roghnaíonn agus úsáideann siad cuir chuige teagaisc atá oiriúnach do na hintinní foghlama agus do riachtanais foghlama na scoláirí |
| | | freagraíonn siad do riachtanais foghlama aonair agus déanann siad idirdhealú idir gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc de réir mar is gá |
| | Cleachtas comhchoiteann/ comhoibríoch na múinteoirí | Maidir leis na múinteoirí: |
| | | tá meas acu ar an bhfoghlaim ghairmiúil agus ar an gcomhoibriú gairmiúil agus glacann siad páirt iontu |
| | | oibríonn siad le chéile chun deiseanna foghlama a cheapadh do scoláirí ar fud an churaclaim agus lasmuigh de |
| | | i gcomhar lena chéile, forbraíonn siad agus cuireann siad i bhfeidhm cleachtais mheasúnaithe fhoirmitheacha agus shuimitheacha atá comhsheasmhach agus iontaofa |
| | | cuidíonn siad leis an acmhainn uile-foirne a thógáil trína saineolas a roinnt |

Oide

# Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022

# An aithníonn sibh na ráitis in bhur ranganna agus scoláirí FCÁT?

Oide

*Réimse 2: Eispéiris na bhfoghlaimeoirí*[7]

| Caighdeáin | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| **Glacann na scoláirí páirt i ngníomhaíochtaí foghlama bríocha ar bhealach a bhfuil cuspóir leis** | Léiríonn na scoláirí leibhéil arda suime agus rannpháirtíochta san fhoghlaim. | Léiríonn na scoláirí leibhéil **an-ard** suime agus rannpháirtíochta san fhoghlaim. |
| | Tá na scoláirí in ann foghlaim go neamhspleách agus go comhoibríoch ar bhealach cruthaitheach a bhfuil cuspóir leis. | Tá na scoláirí in ann foghlaim go neamhspleách agus go comhoibríoch ar bhealach **an-chruthaitheach, táirgiúil a bhfuil cuspóir leis.** |
| | Tuigeann scoláirí agus tig leo cuspóir a dtascanna foghlama a mhíniú. | Tuigeann scoláirí agus tig leo cuspóir a dtascanna foghlama a mhíniú, **agus is féidir leo an ghníomhaíocht a leathnú agus a fhorbairt go bríoch.** |
| | Bíonn na scoláirí in ann próiseas agus toradh na ngníomhaíochtaí foghlama a thuairisciú, a chur i láthair agus a mhíniú go leibhéal inniúil. | Bíonn na scoláirí in ann próiseas agus toradh na ngníomhaíochtaí foghlama a thuairisciú, a chur i láthair agus a mhíniú go leibhéal **an-inniúil.** |
| | Léiríonn na scoláirí tionscnamh, féintuilleamaí, féinmheas dearfach agus féinmhuinín. Léiríonn siad meonta foghlama dearfacha ar nós cruthaitheacht, fadhbréiteach, bainistíocht ama, smaointeoireacht chriticiúil, athléimneacht, seiftiúlacht agus buanseasmhacht. | Léiríonn na scoláirí tionscnamh, féintuilleamaí, féinmheas dearfach agus féinmhuinín. Léiríonn siad meonta foghlama dearfacha **go cumasach gníomhach** ar nós cruthaitheacht, fadhbréiteach, bainistíocht ama, smaointeoireacht chriticiúil, athléimneacht, seiftiúlacht agus buanseasmhacht. |

Am Machnamhach

Ag roinnt ár n-eispéiris

- Rud amháin dúshlánach a thit amach
- Rud amháin a thárla a bhí suimiúil
- Rud amháin a chuir ionadh ort
- Rud amháin a d'fhoghlaim tú an tseachtain seo



# Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022


Oide

| | |
|---|---|
| **Cleachtas aonair na múinteoirí** | Maidir leis an múinteoir:<br>tá an t-eolas ábhair, an t-eolas oideolaíoch agus na scileanna bainistíochta ranga riachtanacha acu<br>roghnaíonn agus úsáideann siad cleachtais ullmhúcháin agus mheasúnaithe a chuireann foghlaim na scoláirí chun cinn<br>roghnaíonn agus úsáideann siad cuir chuige teagaisc atá oiriúnach do na hintinní foghlama agus do riachtanais foghlama na scoláirí<br>freagraíonn siad do riachtanais foghlama aonair agus déanann siad idirdhealú idir gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc de réir mar is gá |


| | |
|---|---|
| **Cleachtas comhchoiteann/ comhoibríoch na múinteoirí** | Maidir leis na múinteoirí:<br>tá meas acu ar an bhfoghlaim ghairmiúil agus ar an gcomhoibriú gairmiúil agus glacann siad páirt iontu<br>oibríonn siad le chéile chun deiseanna foghlama a cheapadh do scoláirí ar fud an churaclaim agus lasmuigh de<br>i gcomhar lena chéile, forbraíonn siad agus cuireann siad i bhfeidhm cleachtais mheasúnaithe fhoirmitheacha agus shuimitheacha atá comhsheasmhach agus iontaofa<br>cuidíonn siad  leis an acmhainn uile-foirne a thógáil trína saineolas a roinnt |

# Go dtí seo

1




Coyle et al. (2010, lch 41)




Ó Dónaill, 2024, lch 5

2




3

**Tríréad Teanga:**

… don fhoghlaim (*téarmaíocht*)


… le linn foghlama (*chun tascanna a chomhlíonadh san ábhar*)

… tríd an bhfoghlaim (*teanga a thagann thagann chun solais le linn na foghlama*)

(Coyle *et al.*, 2010)

| An Tréimhse Réamhchumarsáide | An Tréimhse Chumarsáide | An Tréimhse Iarchumarsáide |
|---|---|---|
| | | |

# An Tionscadal






# Múinteoir FCÁT mar mhúinteoir ábhair agus múinteoir teanga


"...[they] really wear two hats all the time. Through their instruction, they must promote mastery of the subject matter and second-language development concurrently."

(Snow, 1990, lch 158)

*Cé chomh maith is atá ag éirí leat an chothromaíocht seo a bhaint amach?*

Am Machnamhach

# Claontas FCÁT-
# An Ghaeilge mar mheán teagaisc





Múnlaí difriúla den FCÁT i réim go hidirnáisiúnta … le contanam leathan fócais a luascann idir ábhar (FCÁT crua) nó teanga (FCÁT bog) ag brath ar an gcomhthéacs (Met, 1998).

In ainneoin éagsúlachtaí fairsinge sa tslí a gcuirtear FCÁT i bhfeidhm, cosúlacht amháin … ná go mbíonn idir ranganna ábhair agus ranganna teanga i gceist le FCÁT go hiondúil, agus go mbíonn an rang ábhair ar siúl trí spriocthteanga go príomha (Lo, 2020).

(Curtha in oiriúint ó obair Knight, 2022)

# Claontas FCÁT-
# An Ghaeilge mar mheán teagaisc





Cá bhfuil do rang FCÁT ar an gclaontas FCÁT seo?




(Curtha in oiriúint ó obair Knight, 2022)

# Seomraí ar leithligh

*1. Cé chomh maith is atá ag éirí leat an* <u>chothromaíocht</u> *seo a bhaint amach?*



2. Aon straitéis a mholfá?

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

FCÁT

# BICS & CALP

## Bunscileanna Cumarsáide Idirphearsanta & Inniúlacht ar an Teanga Chognaíoch agus Acadúil

cc BY NC

# BICS & CALP: Réasúnaíocht

“The playground situation does not normally offer children the opportunity to use such language as: *if we increase the angle by 5 degrees, we could cut the circumference into equal parts*. Nor does it normally require the language associated with the higher order thinking skills, such as hypothesizing, evaluating, inferring, generalizing, predicting or classifying. Yet these… occur in all areas of the curriculum, and without them a child's potential in academic areas cannot be realized.”

(Gibbons i Cummins, 2008, lch 76)

# Bunscileanna Cumarsáide Idirphearsanta

**BICS (**Basic Interpersonal Communication Skills )

**An Teanga Shóisialta**

Na scileanna teanga atá ag teastáil don ghnáthchumarsáid –

ag teastáil le cumarsáide a dhéanamh le duine ar bhonn sóisialta.

Tá an caidreamh seo fiúntach, gan é a bheith dúshlánach ar an

intleacht agus níl sé sainfheidhmeach.

# BICS




**An Tréimhse Chumarsáide**

- Cén ról atá agam sa ghrúpa?
- Ní aontaím leis an ráiteas.
- Tabharfaidh mé an t-aiseolas?

# Inniúlacht ar an Teanga Chognaíoch agus Acadúil

- **CALP** (Cognitive Academic Language Proficiency)
- Bíonn an fócas anseo ar líofacht sa teanga acadúil ag brath go mór ar an topaic atá a mhúineadh.
- Teanga teibí, sainiúil bunaithe ar chomhthéacs
- Scileanna ag teastáil - a bheith in ann comparáid a dhéanamh, rangú a dhéanamh, sintéisiú a dhéanamh agus meastóireacht a dhéanamh, tátal a dhéanamh agus iad ag forbairt scileanna acadúla .

## Tacsanomaíocht Bloom - Ceistiú Éifeachtach

| Coincheap | Teanga |
|---|---|
| **Eolas**: Abair cad atá ar eolas agat nó cad is cuimhin leat.<br>• Cad é…?<br>• Cá bhfuil…?<br>• Cé acu ceann…? | Cé, Cad, Cén fáth, Cathain, Fág ar lár, Roghnaigh, Cé acu, Ainmnigh, Pioc, Aimsigh, Meaitseáil, Lipéadaigh, Inis, Meabhraigh |
| **Tuiscint**: Léirigh tuiscint ar fhíricí agus ar smaointe.<br>• Conas a chuirfeá… i gcomparáid…? … i gcodarsnacht…?<br>• Cé acu an freagra is fearr…?<br>• Conas a rangófá an cineál …? | Cuir i gcomparáid, Cuir i gcodarsnacht, Taispeáin, Léirigh, Abair ar bhealach eile, Nocht, Rangaigh |
| **Cur i bhfeidhm**: Bain úsáid as an méid a fhoghlaimíonn tú ar bhealach eile.<br>• Conas a d'úsáidfeá é…?<br>• Cén toradh a bheadh ann dá…?<br>• Cén bealach eile a bpleanálfá…? | Cuir i bhfeidhm, Tóg, Roghnaigh, Cruthaigh, Forbair, Déan, Bain úsáid as, Eagraigh, Pleanáil, Réitigh, Múnlaigh, Aithin |
| **Anailís**: Féach go cúramach ar rud éigin chun a thuilleadh a fháil amach faoi.<br>• Cén fáth a gceapann tú…?<br>• Cén tátal is féidir leat a bhaint as…?<br>• Cad é an gaol idir…? | Déan anailís ar, Faigh amach, Cíor, Bain tátal as, Scrúdaigh, Tabhair léargas ar, Lorg gaol |
| **Sintéis**: Cuir smaointe nó codanna de rudaí le chéile.<br>• Cad iad na bealaí ina bhféadfadh…?<br>• Cén fáth a gceapann tú…?<br>• Samhlaigh…? | Tóg, Comhcheangail, Tiomsaigh, Cruthaigh, Dear, Ceap, Samhlaigh, Cum, Tuar |
| **Meastóireacht**: Abair má tá rud éigin ceart nó mícheart, maith nó dona.<br>• An aontaíonn / easaontaíonn tú…?<br>• Cén fáth a gceapann tú…?<br>• Déan cinneadh maidir le…? | Cáin, Cinn, Cosain, Déan measúnú ar, Mol, Aontaigh, Tabhair breithmheas ar, Tabhair tuairim, Bréagnaigh |

Foinse: Curtha in oiriúint ó *Taxonomy of Educational Objectives*, B.S. Bloom. Boston Allyn & Bacon, 1984

# CALP

Oide

## An Tréimhse Réamhchumarsáide

Fócas seismeach
An éasclíne

Na Lochlannaigh
Creacha

# BICS V CALP


- BICS teanga a úsáidtear gach lá, teanga nádúrtha a d'úsáidfí i ngnáthchomhrá laethúil
- CALP teanga an ábhair, an teanga atá ag teastáil chun ábhair scoile a phlé

Sampla ón Tíreolaíocht

- "Báisteach" le BICS  ach
- "Frasaíocht" le CALP

An bhfuil tú in ann smaoineamh ar aon sampla eile i d'ábhar féin?

# Teanga BICS agus CALP





## Tasc roghnach BICS & CALP

- Cuir ceist ar do scoláirí
- Déan machnamh ar an obair atá déanta agat
- Bain leas as an gcéad lipéad ar an leathanach Excel do theanga BICS
- Roghnaigh 10 téarma nó nath cainte faoi CALP i d'ábhar

# CALP – Cabhair ó Tearma.ie

Oide



Oide

# EFG Aghaidh ar Aghaidh - Clárú

**Dáta:** 23 Feabhra 2026
**Ionad**: I.O Chill Dara
**Am:** 11:00 – 4:00
(Tae/Caife óna 10:30)

**Ar fáil:**

- Lón
- **Ionadaíocht** don lá
- Costais taistil
- Teastas Tinrimh

**Aoichainteoir:**
Saineolaí ar FCÁT ag an Iar-bhunscoil

**Dr Sarah Ní Dhuinnín**
Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach

https://tinyurl.com/OideFCAT2026

https://forms.office.com/e/Ljmg4kydsL?origin=lprLink

**Clárú roimh 12ú Feabhra**

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


FCÁT

# Tacaíocht ó Oide do Thionscadal na Roinne don FCÁT

*Bliain 1 – Timpeallacht Foghlama*

cc BY NC

# Tionscadal FCÁT – Creat an tionscadail




dearfach, spreagúil, tacúil agus sábháilte

foghlaim chomhoibríoch, agus rannpháirtíocht dearfach

ag cothú íomhá dearfach dóibh féin mar fhoghlaimeoirí teanga.

(Coyle, 2013)

# An Dialann Mhachnaimh: An Aoine seo

Oide

| | **Nótaí Machnamhacha** |
|---|---|
| Rudaí dearfacha a thug mé faoi deara an tseachtain seo *(a bhaineann leis an tionscadal FCÁT)* | Ag féachaint siar |
| Moltaí pearsanta dom féin chun cuidiú liom agus leis na scoláirí an chéad seachtain eile | Ag féachaint amach romhainn |
| Ceist(eanna) atá fós agam: | Anois |

# FCÁT - Iar-bhunscoileanna

| Bliain | Téama agus Fócas an Eispéiris Foghlama |
|---|---|
| **2025 - 2026** | **Timpeallacht Foghlama- Traenáil, Réiteach agus Cur i gcrích** |

Cad a déarfá faoi do thimpeallacht foghlama?

Cad atá foghlamtha agat faoi chur chuige FCÁT?

Conas atá tú ag cur an chur chuige FCÁT i bhfeidhm?

# Is féidir.....



Misha Yerhidzé: Ag Foghlaim na Gaeilge go hÉireann | TikTok

https://tinyurl.com/isfeidir

# Tagairtí


Coyle, D. (2013). “ Listening to learners: An investigation into ‘successful learning’ across CLIL contexts”, in International Journal of Bilingual Education and Bilingualism, 16: 244-266.

Cummins, J. (2008). “BICS and CALP: Empirical and Theoretical Status of the Distinction” in Street, B. & Hornberger, N. H. (Eds.), Encyclopedia of Language and Education, 2nd Edition, Volume 2: Literacy. New York: Springer Science + Business Media LLC.

Knight, B. (2022). A research-based approach to professional development for English as a Medium of Learning teaching staff. In P. Watkins (Ed.), The Better Learning Research Review. Cambridge University Press & Assessment. https://www.cambridge.org/9781009152150

Snow, M.A. (1990). “Instructional methodology in immersion foreign language education”. In Padilla, A.M., Fairchild, H.H. and Valadez, CM. (Eds.). Foreign language education: Issues and strategies. Newbury Park, CA: Sage.

Oide

# Míle buíochas &
# Go n-éirí libh leis an obair

Feicfimid **aghaidh ar aghaidh** sibh
ar an **Luan 23 Feabhra** 2026
in **Ionad Oideachais Chill Dara**
ag **10:30/11.00**